Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Eanáir 2023
(OR. en)

5841/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0014(NLE)**

**ENV 76**
**ENT 18**
**ONU 9**
**CHIMIE 5**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Eanáir 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 41 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 41 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 41 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.1.2023
COM(2023) 41 final

2023/0014 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha i ndáil leis na cinntí, a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh, maidir le hIarscríbhinn A a leasú trí dechlorane plus, meatocsaclór agus UV-328 a chur isteach.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún Stócólm

Tá sé d'aidhm ag Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar thruailleáin orgánacha mharthanacha. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 17 Bealtaine 2004. Is páirtí sa Chomhaontú é an tAontas Eorpach[1]. Cuirtear creat ar fáil leis an gCoinbhinsiún, creat atá bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, chun táirgeadh, úsáid, allmhairiú agus onnmhairiú truailleán orgánach marthanach a dhíothú, maidir lena láimhseáil agus lena ndiúscairt go sábháilte agus le scaoileadh truailleán orgánach marthanach áirithe a tháirgtear go neamhbheartaithe a dhíothú nó a laghdú.

### 2.2. Comhdháil na bPáirtithe

Bunaíodh Comhdháil na bPáirtithe de bhun Airteagal 19 den Choinbhinsiún agus is í comhlacht rialaithe Choinbhinsiúin Stócólm í. Uair gach 2 bhliain is gnách leis an gcomhlacht sin teacht le chéile, chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin. Chomh maith leis sin, déanann sí athbhreithniú ar cheimiceáin a chuireann an Coiste um Athbhreithniú ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (CATOM) faoina bráid chun a measta.

I gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Choinbhinsiún, chuir Páirtithe faoi bhráid na Rúnaíochta tograí chun dechlorane plus, meatocsaclór agus UV-328 a liostú in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, tograí a d'athbhreithnigh CATOM de réir Airteagal 8(3) agus (4). Mhol CATOM do Chomhdháil na bPáirtithe meatocsaclór a liostú in Iarscríbhinn A gan díolúintí sonracha, agus dechlorane plus agus UV-328 a liostú in Iarscríbhinn A maille le díolúintí sonracha. Is le hAirteagal 22 den Choinbhinsiún a rialaítear an nós imeachta um ghlacadh leasuithe ar Iarscríbhinní.

I gcomhréir le hAirteagal 23 den Choinbhinsiún, tá aon vóta amháin ag gach Páirtí. Mar sin féin, i dtaca le heagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta, cuir i gcás an tAontas Eorpach, feidhmíonn na heagraíochtaí sin a gceart chun vótáil le líon vótaí is ionann agus líon a mBallstát atá ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún.

### 2.3. Gníomh beartaithe Chomhdháil na bPáirtithe

Ag an 11ú gnáthchruinniú, breithneoidh Comhdháil na bPáirtithe cinntí a ghlacadh maidir le dechlorane plus, meatocsaclór agus UV-328 a liostú in Iarscríbhinn A (díothú), in Iarscríbhinn B (srianadh) agus/nó in Iarscríbhinn C (táirgeadh neamhbheartaithe) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Is é is cuspóir do na cinntí an liostú in Iarscríbhinní A, B agus/nó C, a bhfuil an éifeacht leis go mbeidh na ceimiceáin faoi réir bearta atá dírithe ar tháirgeadh agus ar úsáid na gceimiceán

[1] IO L 209, 31.7.2006, lch. 1.

sin a dhíothú nó ar shrian a chur orthu, lena n-áirítear scaoileadh truailleán orgánach marthanach a tháirgtear go neamhbheartaithe a laghdú nó a dhíothú.

Tiocfaidh na gníomhartha atá beartaithe chun bheith ina gceangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 22(4) den Choinbhinsiún, lena bhforáiltear maidir leis an méid seo a leanas: 'Beidh moladh, glacadh agus teacht i bhfeidhm na leasuithe ar Iarscríbhinní A, B nó C faoi réir na nósanna imeachta céanna agus a bhaineann le moladh, glacadh agus teacht i bhfeidhm iarscríbhinní breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo, ach amháin nach dtiocfaidh leasú ar Iarscríbhinn A, B ná C i bhfeidhm maidir le haon Pháirtí a dhéanann dearbhú maidir leis na hIarscríbhinní sin a leasú i gcomhréir le mír 4 d'Airteagal 25, agus aon leasú den sórt sin, tiocfaidh sé i bhfeidhm maidir leis an bPáirtí sin an 90ú lá tar éis thaisceadh a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais leis an taisce i ndáil leis an leasú sin.'

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é an seasamh ba cheart a ghlacadh thar ceann an Aontais ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha tacú le dechlorane plus, meatocsaclór agus UV-328 a liostú i gcomhréir leis na moltaí ábhartha ón gCoiste um Athbhreithniú ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (CATOM).

I gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Choinbhinsiún, chuir Páirtithe faoi bhráid na Rúnaíochta tograí chun dechlorane plus, meatocsaclór agus UV-328 a liostú in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, tograí a d'athbhreithnigh CATOM de réir Airteagal 8(3) agus (4). Scrúdaigh CATOM na tograí trí na critéir scagtha a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hIarscríbhinn D a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus chinn sé go gcomhlíontar na critéir. Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na próifílí riosca le haghaidh dechlorane plus, meatocsaclór agus UV-328, agus tar éis a chinneadh gur dócha, mar thoradh ar a n-iompar comhshaoil fadraoin, go mbeadh éifeachtaí díobhálacha móra ar shláinte an duine agus/nó ar an gcomhshaol mar thoradh ar na substaintí sin a d'fhágfadh gur gá gníomhaíocht dhomhanda a dhéanamh, mhol CATOM do Chomhdháil na bPáirtithe breithniú a dhéanamh ar mheatocsaclór a liostú in Iarscríbhinn A gan díolúintí sonracha, agus dechlorane plus agus UV-328 a liostú in Iarscríbhinn A maille le díolúintí sonracha.

Chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar dechlorane plus, meatocsaclór agus UV-328 a scaoileadh a thuilleadh, is gá táirgeadh agus úsáid na gceimiceán sin ar an leibhéal domhanda a laghdú nó a dhíothú agus tacú lena liostú sna hiarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Tá an togra comhleanúnach le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1021, is é sin an Rialachán lena gcuirtear Coinbhinsiún Stócólm chun feidhme san Aontas, agus comhlánaíonn sé an Rialachán sin. Tá sé i gcomhréir go hiomlán leis an gcuspóir sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar thruailleáin orgánacha mharthanacha.

Tá an togra comhleanúnach le cur chuige ginearálta Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 *vis-à-vis* substaintí PBT ós rud é go bhforáiltear sa dá rialachán sin maidir le critéir nach gceadaíonn, i bprionsabal, substaintí gníomhacha PBT a chur ar an margadh ná a úsáid. Scrúdaítear i bPáipéar Comhthuisceana[2] an gaol idir Coinbhinsiún Stócólm, Rialachán (AE) 2019/1021 agus Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, maidir le srianta agus ceanglais údarúcháin, chun comhleanúnachas a áirithiú.

[2] http://ec.europa.eu/growth/sectors/chemicals/reach/special-cases_en

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a *d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[3].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í Comhdháil na bPáirtithe a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha.

Gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo is ea na gníomhartha a iarrtar ar Chomhdháil na bPáirtithe a ghlacadh. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 22 de Choinbhinsiún Stócólm.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atáthar a mholadh.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe agus a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an gcomhshaol a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atáthar a mholadh.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atáthar a mholadh.

---

[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2023/0014 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle[4] agus tháinig sé i bhfeidhm an 17 Bealtaine 2004.

(2) De bhun Airteagal 8 den Choinbhinsiún, is féidir le Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún ceimiceáin a liostú in Iarscríbhinní A, B agus/nó C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus bearta rialaithe a bhaineann leis na ceimiceáin sin a shonrú.

(3) Ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, tá coinne leis go nglacfaidh an chomhdháil cinntí maidir le tuilleadh ceimiceán a liostú in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(4) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag Comhdháil na bPáirtithe, is iomchuí é a leagan síos, óir beidh na cinntí a ghlacfar ina gceangal ar an Aontas.

(5) Chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar dechlorane plus, meatocsaclór agus UV-328 a scaoileadh a thuilleadh, is gá táirgeadh agus úsáid na gceimiceán sin ar an leibhéal domhanda a laghdú nó a dhíothú agus tacú lena liostú sna hiarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an gCoinbhinsiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha agus ag aon Chomhdháil Páirtithe a bheidh ann ina dhiaidh sin ina mbeidh an pointe ar an gclár oibre, agus aird chuí á tabhairt ar na moltaí ábhartha ón gCoiste um Athbhreithniú ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (CATOM):

[4] Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2004 a bhaineann le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 209, 31.7.2006, lch. 1).

(a) tacú le dechlorane plus a liostú in Iarscríbhinn A maille leis na díolúintí sonracha a mhol CATOM;

(b) tacú le meatocsaclór a liostú in Iarscríbhinn A, gan aon díolúine shonrach;

(c) tacú le UV-328 a liostú in Iarscríbhinn A maille leis na díolúintí sonracha a mhol CATOM.

*Airteagal 2*

Maidir le mionchoigeartuithe ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, i bhfianaise na bhforbairtí a dhéanfar ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún agus ag aon Chomhdháil Páirtithe a bheidh ann ina dhiaidh sin ina mbeidh an pointe ar an gclár oibre, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, na mionchoigeartuithe sin a chomhaontú le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair gan cinneadh breise ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*